C/2025/5120

18.9.2025

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an 16 Meán Fómhair 2025

lena ndéantar duine a chur in ionad comhalta den Choiste Comhairleach um Shaorghluaiseacht Oibrithe thar ceann na Fionlainne

(C/2025/5120)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le saorghluaiseacht oibrithe laistigh den Aontas ([1]), agus go háirithe Airteagail 23 agus 24 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh an 23 Meán Fómhair 2024 ([2]), cheap an Chomhairle comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shaorghluaiseacht Oibrithe don tréimhse ón 25 Meán Fómhair 2024 go dtí an 24 Meán Fómhair 2026.

(2) Tá suíochán comhalta i gcatagóir ionadaithe na rialtas tagtha chun bheith folamh anois mar gheall ar Laura PERHEENTUPA a bheith éirithe as oifig.

(3) Tá iarrthóir ainmnithe ag an bhFionlainn don suíochán folamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Tuulia MUURONEN ina comhalta den Choiste Comhairleach um Shaorghluaiseacht Oibrithe in ionad Laura PERHEENTUPA ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 24 Meán Fómhair 2026.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Meán Fómhair 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. BJERRE

([1]) IO L 141, 27.5.2011, lch. 1.

([2]) CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE an 23 Meán Fómhair 2024 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shaorghluaiseacht Oibrithe (IO C, 2024/5865, 27.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/5865/oj).